2026/1369

17.6.2026

CINNEADH (AE) 2026/1369 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Meitheamh 2026

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 238ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI), a mhéid a bhaineann le glacadh Leasú 19 a ghabhann le hIarscríbhinn 17 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2), i gcomhar le h Airteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ('Coinbhinsiún Chicago'), lena rialaítear aeriompar idirnáisiúnta, i bhfeidhm an 4 Aibreán 1947. Bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI) leis.

(2) Is Stáit chonarthacha i gCoinbhinsiún Chicago iad na Ballstáit go léir, agus is comhaltaí de EESI iad, agus tá stádas breathnóra ag an Aontas i gcomhlachtaí áirithe de chuid EESI. Tá ionadaithe ó shé Bhallstát ar Chomhairle EESI faoi láthair.

(3) De bhun Airteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, tá Comhairle EESI le Caighdeáin Idirnáisiúnta agus Cleachtais Mholta Idirnáisiúnta (SARPanna) a ghlacadh, agus tá sí le hiad a ainmniú mar Iarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

(4) Ghlac Comhairle EESI na SARPanna maidir le slándáil eitlíochta mar Iarscríbhinn 17 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

(5) Tá Comhairle EESI, ag an 238ú seisiún dá cuid, le leasú 19 atá beartaithe a ghabhann le hIarscríbhinn 17 – Slándáil Eitlíochta a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago ('Leasú 19') a ghlacadh. Le Leasú 19, cuirfear feabhas ar roinnt SARPanna, tabharfar isteach sainmhínithe nua agus déanfar athbhreithniú ar shainmhínithe áirithe atá ann cheana, agus déanfar roinnt cleachtas a ailíniú níos dlúithe leis cleachtais atá ann cheana san Aontas, go háirithe i réimse na seiceálacha agus na gcuardach slándála ar aerárthach.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle EESI a bhunú ós rud é, a luaithe a ghlacfar é, go mbeidh Leasú 19 éigeantach faoin dlí idirnáisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 90 de Choinbhinsiún Chicago, agus go bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith aige ar inneachar dhlí an Aontais, is é sin Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 ón gCoimisiún ([2]) agus Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 8005 ón gCoimisiún ([3]).

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2320/2002 (IO L 97, 9.4.2008, lch. 72, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/300/oj).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 ón gCoimisiún an 5 Samhain 2015 lena leagtar síos bearta mionsonraithe le haghaidh chur chun feidhme na mbunchaighdeán comhchoiteann maidir le slándáil eitlíochta (IO L 299, 14.11.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/1998/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 8005 ón gCoimisiún an 16 Samhain 2015 lena leagtar síos bearta mionsonraithe i dtaca le cur chun feidhme na mbunchaighdeán comhchoiteann maidir leis an tslándáil eitlíochta ina bhfuil faisnéis, dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 (nár foilsíodh san Iris Oifigiúil).

(7) Ba cheart gurb é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 238ú seisiún de Chomhairle EESI, nó ag aon seisiún ina dhiaidh sin, tacú le Leasú 19. Ba cheart do na Ballstáit atá ina gcomhaltaí de Chomhairle EESI an seasamh sin a chur in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leasa an Aontais.

(8) I gcás ina nglacfaidh Comhairle EESI Leasú 19, tá glacadh an leasaithe sin le fógairt ag Ardrúnaí EESI trí nós imeachta Litreach Stáit EESI. I gcás den sórt sin, ba cheart gurb é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais tar éis an ghlactha gan míshástacht a chlárú agus Leasú 19 a chomhlíonadh. I gcás ina mbeadh dlí an Aontais éagsúil leis na SARPanna nuaghlactha tar éis an dáta atá beartaithe chun na SARPanna sin a chur i bhfeidhm, ba cheart fógra a thabhairt do EESI i leith aon éagsúlacht idir dlí an Aontais agus na SARPanna áirithe sin. Ba cheart an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i ndáil le haon éagsúlacht mar sin a bheith bunaithe ar dhoiciméad i scríbhinn a chuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle i gcomhair a phléite agus a fhormheasta. Ba cheart do na Ballstáit uile an seasamh sin a chur in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leasa an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa 238ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI), nó in aon seisiún ina dhiaidh sin, chun tacú le leasú 19 atá beartaithe a ghabhann le hIarscríbhinn 17 – Slándáil Eitlíochta – a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta (‘Leasú 19’).

2. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, ar choinníoll go nglacfaidh Comhairle EESI Leasú 19 gan aon athrú suntasach, gan míshástacht a chlárú, agus fógra a thabhairt i leith chomhlíonadh an bhirt ghlactha mar fhreagra ar an Litir Stáit EESI ábhartha.

I gcás ina bhfuil dlí an Aontais éagsúil leis na SARPanna nuaghlactha a leagtar amach in Iarscríbhinn 17 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago tar éis an dáta atá beartaithe chun na SARPanna sin a chur i bhfeidhm, tá aon difríocht idir dlí an Aontais agus na SARPanna sin le fógairt do EESI, i gcomhréir le hAirteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago. I gcás den sórt sin, chun críche seasamh an Aontais a bhunú maidir le haon difríocht idir dlí an Aontais agus na SARPanna áirithe sin, cuirfidh an Coimisiún doiciméad ullmhúcháin faoi bhráid na Comhairle i gcomhair a phléite agus a fhormheasta, doiciméad lena leagtar amach seasamh an Aontais maidir leis na difríochtaí mionsonraithe a dtabharfaidh na Ballstáit fógra do EESI ina leith thar ceann an Aontais, in am trátha agus ar a laghad 2 mhí roimh aon sprioc-am a leagfaidh EESI amach maidir le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí.

Airteagal 2

Is iad na Ballstáit atá ina gcomhaltaí de Chomhairle EESI, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, a chuirfidh in iúl an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1(1).

Is iad na Ballstáit uile, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, a chuirfidh in iúl na seasaimh dá dtagraítear in Airteagal 1(2).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 12 Meitheamh 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. KERAVNOS